# Eleathanach 399

**Dé Luain, an 17 Eanáir 2022**
**Athbhliain faoi Mhaise daoibh!**

## Ag Bun an Tuair Cheatha

Sheol an Chultúrlann an leabhar **Ag Bun an Tuair Cheatha** i mí na Nollag 2021. Is leabhar álainn é seo le scéalta ó scríbhneoirí óga.

Is scéalta iad seo faoi chairdeas agus faoin saol a bhí ag na scríbhneoirí óga le linn na dianghlasála.

Is mar chuid de chomórtas a scríobh idir pháistí agus dhéagóiri scéalta don leabhar.

Ba dhuine de mholtóirí an chomórtais í Myra Zepf agus labhair sí ag an seoladh. Bhí na páistí ar bís lena gcuid scéalta.



Bhí seoladh an leabhair sa Chultúrlann.

## Tasc STEM – Buaiteoirí

Bhuaigh dhá scoil an comórtas STEM a reáchtáil Eleathanach i rith Sheachtain Eolaíochta 2021. Comhghairdeas leis na múinteoirí agus leis na páistí.

**Na buaiteoirí:**

- Na páistí agus múinteoir Áine ó rang 2 ón scoil Foghlaim le Chéile atá suite i mBaile Chill Dara.
- Na páistí agus múinteoir Eoin ó rang 5 i nGaelscoil an Ráithín i Luimneach.

D'éirigh leo ionad spraoi a dhearadh don scoil. Bhailigh siad seanáiseanna, chruthaigh siad sleamhnán, trampailín agus áit léime ann.

Rinne siad tástáil orthu le bréagáin bheaga cosúil le fear nó bean Lego! Ansin chuir siad feabhas orthu agus rinne siad tástáil arís orthu.

Is breá linn an obair a rinne na páistí! Beidh Eleathanach ag seoladh duaiseanna amach chuig na páistí! Comhghairdeas!



**Gaelscoil an Ráithín, Luimneach.**



**Foghlaim le Chéile, Cill Dara.**